

CLUAIS LE HÉISTEACHT

Séard a bhí ann mac tighearna agus bhí sé ag dhul tar pósta. Bhí an t-athair ag iarraidh air pósadh. Dáirigh sé amach lá. Bhí sneachta ann. Chonnaic sé préachán dubh. Bhí sgámhúga mairt ag imtheacht ina béal aice. Thuit na sgábhóga anuas sa sneachta. D'fhiafruigh sé annsin an raibh aon bhean sa domhan, a bhí chomh geal leis an sneachta, chomh dubh leis an bhfiach agus chomh dearg leis an bhfuil? Dubhairt an t-athair leis nach raibh acht aon bhean amháin, inghean a leithéide seo de rí. Fear ar bith a raibh aige di, ghabh sé ann agus ní raibh tada aca dá bharr, ach a gcloigeann a dhul ar shleágh. Tá páirc mhór de shleághanna ann agus cloigeann mic rí ar chuile ceann aca ach aon t-sleágh amháin agus má théidheann tusa ann is le haghaidh do chloigeann atá sé sin.

4

"Má sé", adeir an mac, "ní bhacfamuid léithe".

"Gabhfamuidh bean éicint eile." Ghabh an t-athair annsin agus thug sé an mac leis ag iarraidh bean a bhí sé a cheapadh a gheobhfadh sé. Nuair a ghabh said ann ag iarraidh na mná, ní bhfuair said an bhean. Nuair a tháinig said abhaile, "anois a athair", adeir an mac, "ní ghabhfa mé ag iarraidh mná níos mó".

"Tá sé chomh maith duit roinnt airgid a thabhairt dom go dtéidhidh mé ar thóiraidheacht fios m'fhortúin".

"Ní mórán airgid atá agam duit", adeir an t-athair.

"Níl aon airgead feiliúnach agam ach chúig phunta dhéag".

"Tabhair dhom na chúig phunta dhéag fhéin, b'fhéidir go mbainfinn an oireadh astub is dá mbeadh cuid mhaith a'm".

Thug an t-athair annsin na cúig phunta dhéag dó agus d'imthigh leis.

5

Bhí sé ag imteacht leis an bóthar, agus nuair a bhí sé ag imtheacht an bóthar, chonnaic sé sochraid ag tigheacht i n-aghaidh. "Chuala mé ariamh" adeir sé, nuair a bhí sé ag tigheacht i n-éadan na sochráide go mba cheart trí coisméig na tróchaire a shiubhal leis an sochraid. D'iompugh sé ar ais agus shiubhail sé léithe, na trí choisméig. Shiubhail agus tuille. Ní mórán achair a bhí siubhalte aige nuair a tháinig fear dalba rómpa agus dubhairt sé leob an corp a leagann dhíobh nó go mbaineadh sé féin an clár dhe'n chonnra. Leagadh anuas annsin é agus bhí sé ag dhul ag baint an chlár de'n chonnra.

"Cén t-úghdar a bhfuil tú ag baint an chlár dhe?", adeir mac an tighearna. "Tá chúig phunt agam air", adeir an fear dalba agus caithfidh sibh uiliug smugairle a chaitheamh air nó go n-íoctar mo chuig phunt liom-sa.

6

"Íocfadh mise do chúig phunt leat", adeir mac an tighearna.

"Teirigh annsin thú fhéin dhá chuir. Ní creidimh go gcuirfear é do t-uireasbha".

D'íoc sé leis na cúig phunt agus chuaidh an fear dalba dá iomchar is dá chur chomh maith le chuile dhuine.

Ní mórán achair a bhí siúbhailte aca aríst nó gur tháinig fear dána eile rompa agus dubhairt sé leob an chonnra a leagann dhíobh go mbaineadh sé fhéin an clár de nó go gcaithfidís uile míle smugairle air, go raibh chúig phunt aige ar an bfhéar marbh.

Thug mac an tighearna na chúig phunta dó. Bhí deich bpunt annsin íochta aige.

7

Chuaidh an fear dána annsin, dá iomchur chomh maith le chuile dhuine go gcuirfidhe é.

Tugadh an corp isteach sa roilig, agus nuair a bhíodar ag an uaigh go díreach, tháinig an tríomhaidh fear agus dubhairt sé nach gcuirfidhe é go n-íocfaidhe chúig phunt leis fhéin a bhí aige air.

D'íoc mac an tighearna na chúig phunt leis. Bhí chúig phunta dhéag íochta annsin aige.

Cuireadh an corp annsin. Bhí deifir ortha annsin dá chur nuair a bhí an t-airgead íochta.

D'imthigh chuile dhuine abhaile annsin nuair a bhí an corp curtha, agus ní raibh fhios ag mac an tighearna cé ngabhfaidh sé. Is garr a bhí siúbhailte aige nuair a chonnaic sé gaisgideach fir ag teacht ina dhiadh, nach bfaca sé mórán fear ariamh is fearr a raibh cosúlacht fir air ná é.

8

Nuair a tháinig sé suas leis, "go mbeannuighidh Dia dhuit", adeir an Gaisgidheach leis.

"Go mbeannuighidh Dia is Muire dhuit", adeir sé le mac an tighearna. "An nglacfa díománach?", adeir sé le mac an tighearna.

"Níl aon ghruithe agam de dhíománach" adeir sé.

"Ná bac leis sin", adeir an gaisgideach.

"Is gaisgidheach mise agus gabhfaidh mé i n-aondígh leat ag iarraidh an bhean, is saibhire faoi'n domhan agus cuid mhaith gaisgidheach caillte léithe cheana".

"Sé an t-ainm a tiubhras tú orm", adeir sé 'an Gaisgidheach Gearr Glas'.

Bhí said ag siubhal leob agus is gearr a bhí siúbhailte acab nuair a chonnaic fear agus a chluis leagtha at an talamh aige agus caonach ins an gcluais a bhí as a chionn.

9

"Cé'n obair atá ort mar sin", adeir siad. Máighistir atá orm-sa agus tá mé ag éisteacht le chuile rud sa domhan ag corrú. Dá mba é an sop a bheadh ag corrú sa domhan thoir, adeir sé. Tá mé ag éisteacht leis ar fhaithíos go dtiocfadh namhaid ar bith isteach ar mo mháighistir

"Sílfinn", adeir an gaisgideacht gearr glas "dá mbainteá an caonach as an gcluais atá os do chionn go gcloisfeá níos fearr".

"B'fhéidir", ar seisean.

Bhain sé an caonach as an gcluais annsin.

"Ó", adeir sé "tá mo shlighe bheatha bainte díom anois" adeir sé, "lé an oiread dá chloisteáil agam is nach bhfuil fhios a'm tada. Tá an oiread éistheachta anois agam is nach bhféadhfaínn tabhairt chun suime céard tá ag corrú".

10

"Tiubhramuid fhéin slighe beatha duit", adeir saidsan. "Tá muid ag dhul ag iarraidh mná. Cé mhéad a bhéas tú a iarraidh"?

"Má ghnóchuigheann sibh", adeir sé "béidh mé ag iarraidh áit tighe is garrdha, mara bhfaghann sibh an bhean ní bheidh mé ag iarraidh tada". Sin é Cluais le h-Éisteach.

D'imthigh leob agus bhuail said triúr, i n-éinfheacht.

Is gearr gur casadh fear leob agus é ar a croma rúta ar an talamh agus polláire líonta le caonach aige agus polláire eile ag séideadh aige.

"Céard tá tú a dhéanamh mar sin", adeir an Gaisgidheacht Gearr Glas leis. "Máighistir atá agam", adeir sé "agus námhaid ar bith a bhíos ag teacht isteach air, tá mé dhá chur as air, tá mé dhá shéideadh ar siubhal".

"Shílfinn dá mbainthá an caonach as an bpolláire eile go mb'fhéarr a shéidfeá", adeir an Gaisgidheacht Gearr Glas.

11

"B'fhéidir", adeir sé agus bhain sé an caonach as a pholláire.

"Ó", adeir sé "tá mo shlighe bheatha bainte dhíom", adeir sé "níl rud ar bith dá dtagann romhain, claidhe nó teach nó crann nach bhfuil mé dhá shéideadh san áer".

"Teanam uait linn fhéin mar sin", adeir said "agus tiubhramuid slighe bheatha duit. Tá muid ag dhul ag iarraidh mná. Cé mhéad a bhéas tú a iarraidh. Má ghnóthuigheann sibh", adeir sé "béidh mé ag iarraidh an tighe is garrdha, mara bhfaghann sibh an bhean ní bheidh mé ag iarraidh tada oraibh. Sé an t-ainm a thiubhras sibh orm an Polláire mór".

D'imthigh leob annsin cearthar, nó go dtáinig said chomh fada le fear a raibh gunna cocáilte aige.

"Céard tá tú a dhéanamh mar sin", adeir an Gaisgidheacht Gearr Glas.

12

"Máighistir atá agam", ar seisean "agus tá mé ag faire ar fhaithíos go dtiocfadh rud ar bith isteach air. Bhí mé ag dhul ag caitheamh anois an cailleach sa domhan thoir, bhí sí ag dhul ag cur biorán suain i mbean óg".

Dubhairt an Gaisgidheacht Gearr Glas an biorán suain a chur as a chloigeann. Chaith sé agus d'fhiafruigh an Gaisgidheacht Gearr Glas dhe an raibh an biorán suain cuirtha as a chloigeann agus dubhairt sé go raibh".

"Cé'n pháidhe a bhfuil tú a fhágail ó do mhaighistir" adeir an Gaisgidheacht Gearr Glas.

"Níl innte ach go bhfuil mé ag maireachtáil uirthé".

"Mara a bhfuil tú a fhágail ach mar sin", adeir an Gaisgidheacht Gearr Glas "tá sé chomh maith duit theacht inéinfeacht linn fhéin agus tuibhramuid beatha dhuit. Cé mhéid a bhéas tú a iarraidh"?

13

"Áit tighe is garrdha, má fhágann sibh an bhean agus mara bhfágann tú, ní iarrfaidh mé tada oraibh".

"Tiubhramuid é sin dhuit", adeir an Gaisgidheacht Gearr Glas. Buaileadhar leob annsin, an cúigear acab is gearr go dtáinig said suas le fear agus cos ceangailte faoi n-a chríos aige agus é ag imtheacht ar leath-chois agus ní raibh girrfaidh i bhfoisgeacht fiche míle nach raibh cruinnighthe i n-aon ghleann sléibhe aige agus é ag tabhairt aire dhóibh. "Céard tá tú a dhéanamh mar sin", adeir said.

"Tá mé ag tabhairt aire do na girrriadhacha seo do mo mhaighistir", adeir sé, sa gcaoi go mbeidh said aige nuair a bhéas said ag teastáil uaidh".

Shílfinn go mbfhearr a dhéanfá", adeir an Gaisgidheacht Gearr Glas, "dá mbeadh an cos eile sgaoilte" adeir an Gaisgidheacht Gearr Glas.

14

"B'fhéidir", adeir sé agus sgaoil sé an chos a bhí ceangailte. Nuair a sgaoil sé an chos thug sé aistear siar agus aistear síor. Ní raibh sé indon stopadh nó go dtáinig sé don domhan thiar, aríst ina ndiadh agus é ag iarraidh an t-siubhail a bhaint dhe fhéin. Is ar éigin a stop sé é fhéin sa domhan thiar nó go labhróchadh sé leob.

"Ó tá mo shligh bheatha bainte agaibh dhíom", adeir sé. "Ó cé'n dochar, má tá fhéin", adeir saidsan, "tá sé chomh maith dhuit teacht linn-ne, támuid ag dhul ag iarraidh mná". "Cé mhéad a bhéas tú a iarraidh.

Áit tighe is garrdha má ghnóthuigheann sibh, má bhíonn an bhean le fágail, mara m-beidh ní bhéidh mé ag iarraidh tada", adeir sé.

15

Bhuail siad i n-éineacht, an seisear acab. Bhí siad ag siubhal go dtáinig said chomh fada le carnán cloch agus fear dhá mbriseadh le na leath-mhás.

"Céard atá tú a dhéanamh", ar seisean leis.

"Tá mé dá mbriseadh seo do mo mháighistir" adeir sé, "go mbeidh said ar an gcaoi a dteastachaidís uaidh".

"Shílfinn go mb'fhearr a bhrisfeá iad dá mbuailtheá leis an dá mhás iad". "B'fhéidir", adeir sé, agus chuaidh sé dá mbualadh leis an dá mhás agus sé an chaoi a ndéarna sé deannach díobh agus dá gcur san aer.

"Ó tá mo shlighe bheatha bainte agaibh dhíom", adeir sé.

"Ó cé'n dochar má tá fhéin tara uait linn-ne, támuid ag dhul ag iarraidh mná, má ghnóthamuid, féadfamuid thú a íoc go maith. Cé mhéid a bhéas tú a iarraidh?

16

"Áit tighe is garradha má fhághann sibh an bhean, mara bhfághann ní bheidh mé ag iarraidh tada".

Bhuail said leob. Is gearr a bhí siubháilte acab gur tharraing an Gaisgidheacht Gearr Glas éadach geal as a phóca. "Tá ocras oraibh", adeir sé "agus níl ocras ar aon duine agaibh ach ar an bhfear a bhí inéinfeacht liom ar dtús". Ní raibh biadh dá leagfaidhe ag rí ná ag prionnsa nach raibh ar an éadach. Chruinnigheadhar thimcheall air nó gur ith said a mór dhóthain do. An méid a d'fhág said d'fhuigheallach rug sé ar bhinn den éadach agus chaith sé de é. Chuir sé ina phóca an t-éadach aríst.

D'imthigh leob aríst. Ní mórán achair a bhí siubhailte acab nuair a tháinig said chomh fada le teach fathaigh. "Caithfidh mise dhul isteach aig an bhfathach", adeir an Gaisgidheach Gearr Glas.

17

Nuair a ghabh sé isteach bhí cailín roimhe. "Cá'bhfuil an fathach?", adeir sé.

"Tá sé thuas i mbarr an tighe". "Gabh suas agus abair leis an hata a bhí ag an seachtmhadh athair a tháinig roimhe a chur anuas chugam-sa".

Chuaidh an cailín suas agus d'innis sé do'n fathach é. "Gabh síos", adeir an fathach, "agus abair leis an teach a ghlanadh pé bí sort rifíneach é fhéin.

Tháinig an cailín anuas. "Dubhairt sé leat", adeir sí "an teach a ghlanadh pé bí sort rifíneach thú, nó mara ndéanair go dtiocfaidh sé féin anuas nó go mbeidh fhios aige é".

"Níl aon chall dó leis. Is gearr go mbeidh mise thuas aige. Gabhfaidh mé suas de réir a chéile".

Thosuigh sé ag méadú go raibh a cheann leagtha ar an síneoil. "Gabh suas aríst", adeir sé leis an gcailín, "nó is gearr go mbeidh mise thuas aige.

18

Ghabh sí suas chuig an bhfathach aríst. "Ó cuir síos an hata aige nó is gearr go mbeidh sé aníos agus tiubhreadh sé an teach ar a dhruim aige. "Tá sé ag méadú chomh mór sin".

"Ó tabhair síos an hata chuige mar sin, is ionann liom agus mo bhás sgaradh leis", adeir an fathach. Thug an cailín anuas an hata agus nuair a fuair sé é ghabh sé amach.

Ní mórán achair a bhí siubhailte acab aríst nuair a dubhairt an Gaisgidheacht Gearr Glas go gcaithfeadh sé dhul isteach i gcúirt eile fathaigh. Thápaigh sé agus chuaidh sé isteach. Bhí cailín eile roimhe annsin. "Cá bhfuil an fathach"?

19

"Tá sé thuas i mbarr an tigh". "Gabh suas agus abair leis an seanphéire bróg a bhí ag a ochtmhadh athair a tháinig roimhe a chur anuas chugam". Chuaidh an cailín suas. "Tá fear thíos agus deir sé leat an seanphéire bróg a bhí ag an ochtmhadh athair roimhat a chur síos aige". "Gabh síos agus abair leis má théidhim-se síos go gcuirfidh mé de shéideoig san aer nó faoi mo cosa sa lathoigh". Tháinig an cailín anuas agus d'innis sí dó an méid adubhairt an fathach. "Á ná bac leis", adeir sé, "ach go suas aríst aige agus abair leis a gcuir cugam go beo", agus thosuigh sé ag méadú nó go raibh a cheann leagtha ar an síneoil.

20

Ghabh an cailín suas aríst. "Ó cuir síos an seanphéire bróg", adeir sí, "nó beidh an teach leaghta aige. Tá sé ag méadú chomh mór sin".

Chaith sé chuigce iad. Thug an cailín anuas iad agus thug sé don Ghaisgidheacht Gearr Glas iad.

D'imhthigh sé amach nuair a fuair sé na bróga agus bhí said ar siubhal nó go raibh sé suas le cuairt eile acab.

"Seo anois teach fathaigh", adeir sé. "Tá mé ag dhul isteach, fanaidh annseo go dtigidh mé amach". Chuaidh sé isteach. Bhí cailín eile roimhe istigh. "Cá bhfuil an fathach"? "Tá sé thuas i mbarr an tigh. "Gabh suas agus abair leis an claidheamh soluis a bhí ag an naomhadh athair roimhe a chur anuas chugam".

21

Ghabh an cailín suas ag iarraidh an chladheamh a bhí ag an naomhadh athair a tháinig roimhe. "Gabh síos", adeir an fathach agus abair leis má théidhim síos go ndéarfadh mé barriallacha mo bhróg de", adeir sé. Ghabh an cailín síos agus d'innis sí don ghaisgidheacht gearr glas é.

"Ná bac leis", adeir sé. Thosuigh sé ag méadú suas. Sgannruigh an cailín agus rith sí suas aríst. "Tá sé ag méadú adeir sí. Shín an fathach an claidheamh chuide agus ghabh sí anuas agus thug sí an claidheamh don Ghaisgidheacht Ghearr Glas. Nuair a fuair sé an claidheamh dubhairt sé leis an gcailín an claidheamh soluis a chur anuas nó mara gcuirfeadh go ngabhfaidh sé fhéin suas agus go mbainfeadh sé an ceann dhó leis an gclaidheamh a bhí aige agus go mbeadh an claidheamh soluis annsin aige gan bhuidheachas agus thosuigh sé ag meadú.

22

Chuaidh sí suas agus dubhairt sí leis an claidheamh ceart a chuir síos go dtí é. D'áithneachadh sé fhéin an claidheamh soluis agus mara gcuiridh tú an claidheamh ceart go dtí é tiocfaidh sé fhéin aníos agus bainfidh sé an ceann díot. Beidh an teach leaghta aige, tá sé ag meadú chomh mór sin.

“Tabhair chuige é mar sin”, adeir sé agus shín sé chuiche an claidheamh soluis. “Má tá sé ag meadú mar sin”, adeir sé, “tabhair chuige é. Is ionann liom agus mo bhás sgaradh leis.

Thug sí anuas an claidheamh soluis agus thug sí don Ghaisgidheacht Ghearr Glas é. Nuair a fuair sé an claidheamh soluis thug sé duithe an claidheamh eile a fuair sé i dtosach agus d’imthigh sé amach chomh fada leis an muinntir a bhí amuich agus bhíodar ag siubhal do dtáinig said chomh fada le cúirt an rí.

23

Tháinig said isteach i gcúirt an rí. Ar an bpointe is is a bhfaca an rí ag teacht iad chuir sé fios amach ar mhart gur mhairbhuigh sé é. Níor mhór dhó é freisin. Nuair a shuidh said síos d’fhiafrúigh an rí díobh cé raibh a dtiall nó a dtarraingt.

“Seo fear atá ag teacht ag iarraidh mná ort”, adeir an Gaighidheacht Gearr Glas.

“Dá mbeadh neart agam-sa air, is fadó a bheadh sí pósta”, adeir an rí.

“Tá garrdha annsin amuich agus trí fichead sleagh ann agus tá cloigeann mhic rí ar chuile cheann acab, ach sleagh amháin. Caurfidh mise fíos uirthe go bfeicimuid an bhfuil sí sásta é a phósadh. Má phósann sí tusa tá mise sásta”, adeir an rí.

24

Tháinig an inghean i láithreach. D’fhiafrúigh an rí an raibh sí sásta mac an tighearna a phósadh.

“Nílim”, adeir sí. “Ní phósaidh mise aon fhear ach fear a mbeidh coisidhe aige a bhuailfeas cailleach atá agam-sa ag dhul ag iarraidh trí bhuidéal den uisge leighis atá sa tobar san domhan thiar, trí bhuidéal ag chaon duine acab”.

“Más luithe a bhféis sé annsen ná an chailleach, pósadh mise é, ach más luaithe a bhéas an chailleach ann, beidh a chloigeann ar an t-sleagh.

Ach más túisge, pósfaidh mise é, ach go mbeidh rudaí beaga eile le déanamh agat ina dhiadh”, adeir sí.

Cuireadh an chailleach, agus cos faoi chrios, ag rith annsin, agus trí bhuidéal ag chaon duine acab. Nuair a bhí an chailleach leath bealaigh siar bhí cos faoi chrios, leath bealaigh aniar aríst, agus na buidéil uisge aige. Rug an chailleach air. Dhóirt sí na buidéil.

25

Chuir sí cos faoi chrios, isteach i gcloigeann capaill agus chuir biorán suain ina cheann agus d’imthigh sí féin nó go bhfuair sí trí bhuidéal den uisge leighis.

Nuair a bhfada leis an nGaisgidheacht Gearr Glas a bhí Cos faoi Chrios ag teacht dubhairt sé le Cluais le hÉisteacht a chluais a chur le talamh agus chuir sé féin caonach sa gcluais eile leis. Dúirt Cluais le hÉisteacht, “tá an chailleach anois”, adeir sé, “ag fágáil an uisge san domhan thiar. Tá Cos faoi Chrios ag srannadh i gcloigeann capaill agus é leath bealaigh aniar agus tá biorán suain ann”.

Chuir sé an gunnéire annsin ag tógáil cúrsa ar an áit a raibh an chailleach agus gur pléasg sé na buidéil a bhí ag an gcailleach, agus gur bhain sé an biorán suain as ceann Cos faoi Chrios i n-aon urchar amháin.

26

Nuair a dhúisigh cos faoi chrios ghabh sé chuig an tobar aríst nó gur lion sé na trí bhuidéil. Nuair a bhí an biorán suain bainte sgathamh as ceann cos faoi chrios d'fhiafruigh sé de chluais le héisteach cén bealach a bhí leis an gcailleach. "Tá sí leath bealaigh aniar, adeir sé.

Labhair sé annsin leis an bPolláire Mór agus dubhairt sé leis a bheith dá coinnéal siar nó go dtigfeadh Cos faoi Chrios i ngar do bhaile, agus annsin an dá pholláire a thabhairt dí. Nuair a bhí Cos faoi Chrios i ngar do bhaile, thug an Polláire Mór an dá pholláire dhí agus cuir sé ar líon na Críostaideachta í agus níor fachtas aon amharc ní ba mhó uirthi.

Nuair a tháinig cos faoi chrios agus na trí bhuidéil aige, thug mac an tighearna ag ingin an rí iad. "Níl aon mhaith annsin dhuit", adeir sí.

27

"Tiubhraidh mise seod duit anocht", adeir sí.

"Má bhíonn sí a'd, dhom i mbárach béidh tú ceart, ach mara mbeadh bíodh do cheann ar sléagh".

Séard do thug sí dó siosúr, ar an bpointe is a dtug sí dó an siosúr chuir sé a bhfolach é agus ní raibh ann ach go raibh sé i bhfolach, nuair a chuir sise láimh air agus gan feicéal ar bith uirthi, agus thug sé léithe aríst é. D'imthigh léith agus níor stop sí go ndeacha sí go h-ifreann. Leann an Gaisgidheacht Gearr Glas í agus chuir sé bróga agus hata na bhfathach air. Bhí buaidh ionntab, ní aireochadh tada é nuair a bheadh hata agus na bróga air agus ní bheadh aon fheicéal air. Leann sé isteach i n-ifreann í. Nuair a chuaidh sise isteach thug sí an siosúr don diabhal mhór agus leag sé sin thart é agus bhí láimh an Ghaisgidheach Ghearr Glas san áit ar fhág an buachaill mór an siosúr. Bhí sé ag dhul isteach in éinfheacht léithe agus gan aon amharc air agus thug sé leis é.

28

"Má fheicim-sé an siosúr seo maidin i mbárach shul má thug mé chomh fada leat san oidhche i mbárach marbhóchaidh mé leath a bhfuil san ifreann agaibh", adeir sé leis an diabhal mór.

D'imthigh an Gaisgidheacht Gearr Glas agus tháinig sé ar ais. Níor fhan sé ag forcabhas ortha. Nuair a d'éirigh mac an tighearna ar maidín, "bhfuil an siosúr agat", adeir an gaigidheacht gearr glas.

"Níl blas dhe agam", adeir mac an tigherna.

"Thug sí uaim é".

"Thug sise uait é agus thug mise uaithe é", adeir an Gaigidheacht Gearr Glas. Thug se dó an siosúr annsin. Leag sí anuas bricfeasta aige agus nuair a bhí said ag dhul dhá ithe, "bhfuil mó

sheod agat?" adeir an sí "Tá", adeir sé agus shín sé chuiche é. Glac sí é agus tháinig dath chomh dubh leis an suaith uirthé.

"Anois", adeir sí "tiubhraidh mé seod eile dhuit anocht".

29

"Má bhíonn sé agat dhom i mbárach ní ghabhfaidh do chloigeann ar an sleagh, mara mbéidh gabhfaidh do chloigeann ar an sleagh".

Thug sí raca annsin dó. Chuir sé i bhfolach é más bfhíor do fhéin. Ní raibh sé ach curtha i bhfolach aige nuair a bhí sé goidhte aice aríst uaidh.

D'imhthigh sí léithe agus níor stop sí go ndeachaidh sí go hifreann. Nuair a chuaidh sí isteach, d'fhiafruigh sí den diabhal mór an raibh an siosúr aige.

"Creidim go bhfuil", adeir sé agus chuaidh sé dá thóruidheacht.

"Ó", adeir sé, "níl blas dhe agam".

"Creidim nach bhfuil", adeir sí agus d'ionsuigh sé ag ghabhail air, agus ní raibh diabhal i n-ifreann nár thosuigh ag sínghil, nuair a chonnaic said an greadadh a bhí an diabhal mór a fhágail. Thug sí dó annsin, an raca. "Cuir i bhfolach é sin", adeir sí.

30

"Má fheicidh mise é sin maidin i mbárach", adeir sí "ní fiú biorán a dtug mise anocht dhuit, mar tiubhraidh mise i mbárach duit mara bhfeicidh mé é seo agat. Leag an diabhal mór an raca thart. Ní raibh ann ach go raibh an raca leagtha thart, nuair a bhí sé tógtha ag an Ghaisgidheacht Gearr Glas agus d'imhthigh sé leis go dtáinig sé chomh fada le mac an tighearna.

Nuair a d'éirigh said ar maidin, "an bhfuil an raca agat?", adeir an Gaisgideacht Gearr Glas.

"Creidim go bhfuil".

"B'fhéidir nach bhfuil".

"Ó nil blas dhe agam. "Ó thug sise uait é ach thug mise uaithe aríst é". Nuair a d'éirigh siad annuas leag sí bricfeasta acab. Ní raibh ann ach go raibh said suidhte isteach ag an mbéile gur iarr sí an raca, le neart sainnte ina cloigeann.

31

"An bhfuil an raca agat?", adeir sí. "Tá", adeir sé agus shín sé chuiche é. Tháinig seacht ndath uirthé, ní ba mheasa ná an chéad lá, nuair a chonnaic sí an raca. Rug sí ar chíor. "Béidh an chíor seo agat dom i mbáireach", adeir sí leis agus thug sí dó an chíor.

"Má bhíonn", adeir sí "ní ghabhfaidh do chloigeann ar an sleagh".

"Beidh tríail eile aríst agat".

Thug sí dhó an chíor agus chuir sé a dtaisce í. Tháinig sí isteach agus ghoid sí uaidh an chíor aríst. Nuair a bhí sí gaibhte amach, lean an Gaisgidheacht Gearr Glas í agus b'éigin dó

claidheamh soluis an fhathach a thabhairt di. Ní dhéanfadh sé aon ghnaithe gan an claidheamh an oidhche seo.

32

Níor stop sí go ndeachaidh sí go h-ifreann agus go ndeachaidh sí isteach chomh fada leis an seachtmuadh h-athar nimhe a bhí ann agus thug sí dó an chíor agus nuair a bhí an seachtmhuadh h-athair nime ag chur na círe i bhfolach síl an Gaisgidheacht Gearr Glas í a thabhairt leis. D'airigh an seachtmhadh h-athair nimhe é, agus nuair a d'airigh ní dhearna an Gaisgidheacht Gearr Glas, ach an claidheamh soluis a tharraingt agus an cloigeann a bhaint de. Thug sé leis an chíor, ag cloigeann an seachtmhadh h-athair nimhe agus tháinig sé chomh fada le mac an tigherna. Thug sé dhó an chíor agus dubhairt sé leis an cloigeann a leagann isteach faoi'n leabhaidh. "Tiubhraidh tú dhe an chíor ar maidin", adeir sé le mac an tigherna, "agus déarfadh tú léithe an cloigeann sin a chíoraidh, nár cíoradh le seacht gcéad bliain".

33

Nuair a tháinig said anuas ar maidin, "an bhfuil an chíor agat?" adeir sí leis.

"Tá", adeir sé "agus an cloigeann seo".

"Anois cíor an cloigeann seo nár cíoradh le seacht gcéad bliain, agus seod í an chíor le é a chíoradh.

Nuair a chonnaic sí an cloigeann agus an chíor i n-éinfeacht ní raibh fhíos aice céard a dhéanfadh sí, bhí sí geall le bheith i lagar agus ní go maith a bhí sí indon a mbéile a thabhairt dhóibh, bhí sí chomh cantalach sin. Nuair a bhí an béile ithte acab

"Tá mise saoruirthe agaibh" adeir sí "ach má tá fhéin ní phósfaidh mé thú go dtugadh tú mo nua-cholaidh phósta dhom atá mílte agus mílte isteach ar an domhain i lár an chnuic úd thall, a bhfuil an fharraige faoi'n a bhun agus má éirigheann leat, dug a ghearraidh míle isteach sa gcroch, i riocht is go dtiocfaidh soitheach isteach chomh fada leis an áit a bhfuil an nua-cholaidh phósta, le lucht de bhogaistí eile atá inéinfeacht léithe a thabhairt amach mar theastóchaidh said uaim, béidh leat".

34

D'imthigh leob agus thug said leob Tóin Iarainn agus dubhairt an Gaisgidheacht Gearr Glas leis a dhícheall a dhéanamh, agus go raibh sé air aige. Ghabh Tóin Iarainn in éadan an chnuic agus bhí sé ag cur alltracha san aer agus thug sé an soitheach isteach leis. Ní raibh rud ar bith istigh sa gcnoc dár theastuigh uaithe nár cuireadh isteach sa soitheach go dtáinig sé faoi'n gcúirt léithe.

Pósadh mac an tigherna agus ingean an rí lé chéile. Nuair a bhí said ag dhul a chodhladh annsin dubhairt an Gaisgidheacht Gearr Glas go raibh faitíos air go marbhóchadh sí é, ach gabhfaidh mise faoi do choinne, adeir sé nuair a cheapfas mé go mbeidh mé ag teastáil uait.

35

Ghabh said a chodladh agus is garr go dtáinig an Gaisgidheacht Gearr Glas agus chuir sé mac an tighearna amach. D'ionsuigh sise é a cheapadh gur bé mac an tighearna a bhí aice agus d'ionsuigh seisean í agus bhí sé sásta féachta le bualadh nuair a tháinig an lá. An darna h-oidhche nuair a chuadar a codladh, thosuigh sí ag bualadh mac an tighearna. Nuair a d'airigh an Gaisgidheacht Gearr Glas í tháinig sé chomh fada leob agus chuaidh sé in áit mac an tighearna. Ní raibh aon aithne aice air agus thosuigh sé dhá bhualadh seisean. Bhí sí ag ceapadh gurb é mac an tighearna a bhí i gcomhnaidhe aice. Má d'ionsuigh sise seisean d'ionsuigh seisean ise, dá bualadh go raibh sí féachta go maith agus ní raibh ann ach go raibh sí indon bricfeasta a réidtheacht dóib ar maidin.

36

Rinne an Gaisgidheacht Gearr Glas an cleas céadna an triomhadh h-oidhche agus is go dona a bhí sí indon a mbéile a leagann cuca maidin an triomhadh lá. Ghabh mac an tighearna a chodladh léithe an ceathramha oidhe agus bhí an Gaisgidheacht Gearr Glas dá bfaire agus ní dhearna sí tada as bealach an ceathramha oidhche agus d'fhan an Gaisgidheacht Gearr Glas dá fhaire ar feadh míosa, ar fhaithíos go dtiocfadh treall ar bith ar a h-inntinn agus go marbhóchadh sí mac an tighearna.

I gceann na míosa ní raibh bean ar bith ní ba críostamhla ná í, ná ní b'fhearr ná í. "Ó tharla sibh cineálta le chéile", adeir an Gaisgidheacht Gearr Glas atá mise a dhul ag imtheacht uaib.

37

"Ó céard tá tú a rádh", adeir sí, "an ag sgaradh leis an bhfear a bhain de'n diabhal mé a táimuid?"

"Ní hé amháin mé a bhaint den diabhal ach, gur mé an máighistir in bhí orthabh uile ann", adeir sí.

"Ní fhéadfainn fanacht in éinfheacht leat. Dá má duine saoghalta mise a d'fhéadfadh fanacht ar an saoghal ní fhéadfainn tada a dhéanamh duit. Is duine mise a cailleadh cheana", adeir sé léithe.

"A bhfuil fhios agat", adeir sé le mac an rí, an fear ar íoc tú na chúig punta dhéag as.

"Tá", adeir mac an rí."

"Is mise an fear sin", adeir sé, "agus thug Dia an oireacht cumhachta dom go bhféadfainn tusa a íoc, nuair nach raibh rud ar bith eile ag teacht treasna orm, agus go gcaithfinn thú a íoc".

38

"Agus an bhfuil fhios agat Cluais le hÉisteach, Cos faoi Chríos, an Gunnéire, an Polláire mór agus Tóin Iarainn, ní raibh a leitheidí ann ariamh de dhaoineibh saoghalta, ach Dia dá gcuir amach romham le haghaidh an bhean seo a shaoradh, agus í a bhaint den diabhal, agus nach í grásta Dé a rinne an dug míle isteach sa gcnuic úd, go mbeadh sé ann aríst go deo, agus ní hé Tóin Iarainn é. Cheap mac an tighearna le na shúile go mba fir iad ach ní raibh ionntabh ach sgáile, gur cheap sé gurb iad a bhí ag déanamh na hoibre".

"Cuirfidh tú trí aifreann le m'anam", adeir an Gaisgidheacht Gearr Glas agus feicfeadh an pobal Dia Domhnaigh seo chugainn mé ag dul i mo colm geal, de do ghualainn, do na flathais".

39

Dubhairt sé leob go mbeadh chuile chómpóirt aca, go bhfágadh said bás agus go mbeadh na flaithis ar deireadh acabh.

D'fhág sé beannacht acab agus d'imthigh agus Dia Domhnaigh a bhí chugainn chonnaic an pobal, an colm geal ag dhul dhe dheas ghualainn mac an tighearna do na flaithis.

Michilín 10/03/1931

Chuala an sgéalaidhe an sgéal seo ag a n-a mháthair a cailleadh thimcheall na bliaina 1916 agus í suas le cheithre sgór. Bhí an sgéal dearmuidhte aige no gur chuala sé aríst é ag mac dó fhéin, Marcus Mac Donnchadha, a chuala ag duine éicínt eile é. Sa mbliain seo 1931 a chuala sé óna mhac é.

40

Slíocht - macanna

Lorg - ingheannacha

Ní cainteochar ar ingineacha as do shlíocht nuair a phósfaidh said. Ní bheadh siad ar do ghine. Ní bheidh inghineacha ar do shlíocht

Níor chuibhe leis í.